An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe

## Ceol na Sraithe Sóisearaí

Nollaig 2025

# An Clár Ábhar


AN RÉAMHRÁ .......... 4

MEASÚNUITHE RANGBHUNAITHE: EOLAS GINEARÁLTA .......... 5

Neamhspleáchas na scoile chun na scoláirí a ullmhú do na Measúnuithe Rangbhunaithe .......... 5

An chaoi a dtacaíonn an scoil leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích .......... 6

Cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh .......... 7

MEASÚNUITHE RANGBHUNAITHE I GCEOL .......... 8

MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE 1: PUNANN CHUMADÓIREACHTA .......... 9

Treoirlínte chun Measúnú Rangbhunaithe 1: Punann Chumadóireachta a chur i gcrích .......... 10

Ullmhúchán .......... 11

Measúnú Rangbhunaithe 1: Punann Chumadóireachta a chur i gcrích .......... 12

Punann Chumadóireachta: Comhairle don scoláire .......... 14

An leibhéal gnóthachtála a chinneadh: Punann Chumadóireachta .......... 15

Na Gnéithe Cáilíochta .......... 16

Tuairisciú ar ghnóthachtáil sa Phunann Chumadóireachta .......... 19

MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE 2: NÓTA CLÁIR .......... 20

Treoirlínte chun Measúnú Rangbhunaithe 2: Nóta Cláir a chur i gcrích .......... 21

Ullmhúchán .......... 21

Measúnú Rangbhunaithe 2: Nóta Cláir a chur i gcrích .......... 22

Measúnú Rangbhunaithe: Nóta Cláir: Comhairle don scoláire .......... 23

An leibhéal gnóthachtála a chinneadh: Nóta Cláir .......... 25

Na Gnéithe Cáilíochta .......... 26

Tuairisciú ar ghnóthachtáil sa Nóta Cláir .......... 29

Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair .......... 30

Torthaí na Measúnuithe Rangbhunaithe a thaifeadadh agus a thuairisciú .......... 30

Naisc úsáideacha .......... 32

Aguisín A: Teimpléad molta do Nóta Machnaimh scríofa an Scoláire ar Mheasúnú Rangbhunaithe 1: Punann Chumadóireachta .......... 33

**Aguisín B: Tacaíocht do bhreithiúnas an mhúinteora: Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ....34**

Treoir an Éascaitheora ....35

**Aguisín C: Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair: Tuairisc an Éascaitheora ....39**

## An Réamhrá

Cuirtear ar fáil sa cháipéis seo, *Ceol na Sraithe Sóisearaí: Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe*:

- eolas ginearálta faoi Mheasúnuithe Rangbhunaithe
- sonraí faoi chineál agus faoi raon feidhme na Measúnuithe Rangbhunaithe ar a bhfuil cur síos sa tsonraíocht le haghaidh Cheol na Sraithe Sóisearaí
- na Gnéithe Cáilíochta a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an leibhéal gnóthachtála i ngach Measúnú Rangbhunaithe
- treoirlínte do scoileanna, do mhúinteoirí agus do scoláirí maidir leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích.

Ba cheart na treoirlínte seo a úsáid leis an tsonraíocht churaclaim do Cheol na Sraithe Sóisearaí agus leis na treoirlínte le haghaidh *Measúnú agus Tuairisciú* don tsraith shóisearach, ina bhfuil tuilleadh sonraí faoin bpróiseas athbhreithnithe ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair agus faoi ghnéithe eile den mheasúnú don tsraith shóisearach a leagtar amach sna treoirlínte seo.

Is féidir teacht ar an gcáipéisíocht ar fad ar https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/junior-cycle/junior-cycle-subjects/music/. Tugtar breac-chuntas ar an measúnú don tsraith shóisearach sa Chreat don tSraith Shóisearach, 2015, atá ar fáil ag https://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuarascálacha-Beartais/Creat-don-tSraith-Shoisearach-2015.pdf.

## Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta

Is é an chaoi is fearr le cur síos a dhéanamh ar Mheasúnú Rangbhunaithe ná an tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar na scoláirí leis na tascanna sonracha a leagtar amach sa tsonraíocht ábhair. Cuirtear i gcrích iad sa tréimhse a thugtar do Cheol, .i. 200 uair an chloig ar a laghad. Leagtar amach sna treoirlínte seo na Measúnuithe Rangbhunaithe agus na Gnéithe Cáilíochta, a thacaíonn le breithiúnas an mhúinteora.

Cé go bhfuil an measúnú cosúil leis an measúnú leanúnach a tharlaíonn gach lá sa rang, i gcás na Measúnuithe Rangbhunaithe taifeadtar breithiúnas an mhúinteora ar mhaithe le cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, agus úsáidtear é i dtuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus do scoláirí. Ullmhaíonn na scoláirí do na Measúnuithe Rangbhunaithe le linn tréimhsí ar leith sa dara agus sa tríú bliain. Ní chuirtear torthaí a bhaintear amach i dtionscadail eile, in obair baile, ná i dtrialacha a dhéanann na scoláirí le linn dóibh a ngnáthobair ranga a dhéanamh san áireamh le tuairisceoir a bhronnadh mar chuid den Mheasúnú Rangbhunaithe.

### Neamhspleáchas na scoile chun na scoláirí a ullmhú do na Measúnuithe Rangbhunaithe

Leagtar amach sna treoirlínte seo raon roghanna le haghaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe ionas go mbeidh siad ag teacht le riachtanais agus le cúinsí áirithe na scoláirí agus na scoile. Tá dhá Mheasúnú Rangbhunaithe ann: is é an *Phunann Chumadóireachta* an chéad cheann, a dhéantar sa dara bliain, agus is *Nóta Cláir* é an dara ceann, a dhéantar sa tríú bliain, a thacóidh agus a chuirfidh leis an taibhiú don scrúdú praiticiúil.

Tá rogha ag na scoláirí agus ag na múinteoirí, agus tá solúbthacht i gceist sa leagan amach agus cur chuige a úsáidtear i ngach Measúnú Rangbhunaithe. Cuirtear réimse féidearthachtaí ar fáil maidir leis an gcaoi ar féidir an dá Mheasúnú Rangbhunaithe a chur i láthair, na seánraí is féidir a fhiosrú, na modhanna cur i láthair a úsáidtear, aon ábhar tacaíochta, agus ról an mhúinteora i dtaobh rannpháirtíocht na scoláirí sna measúnuithe a éascú. Laistigh de na paraiméadair a shocraítear sna treoirlínte seo, is féidir leis an scoil, leis na múinteoirí agus leis na scoláirí raon na dtopaicí agus na gcur chuige sa dá Mheasúnú Rangbhunaithe a shocrú go neamhspleách.

## An chaoi a dtacaíonn an scoil leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích

Tacaíonn an scoil leis na measúnuithe a chur i gcrích ar na bealaí seo a leanas:

- a chinntiú go dtugtar *Sonraíocht Cheol na Sraithe Sóisearaí* agus *Ceol na Sraithe Sóisearaí: Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe* do na múinteoirí
- tacú leis na múinteoirí na tuairisceoirí leibhéil a bronnadh ar gach scoláire a thaifeadadh
- taifid agus saothair a choinneáil, de réir mar is cuí, chun críche na gcruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair
- na treoirlínte do na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i bhfeidhm
- cleachtais mheasúnaithe chuimsitheacha a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go mbeidh fáil ag gach scoláire ar an measúnú
- torthaí na Measúnuithe Rangbhunaithe a thuairisciú do scoláirí agus dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe leanúnacha na scoile agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Tá tuilleadh eolais le fáil ar https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shoisearach/measunu-agus-tuairisciu/

D'fhonn aiseolas a chur ar fáil do scoláirí agus iad i mbun an mheasúnaithe, ba cheart breathnú ar an bpróiseas leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích mar chuid den phróiseas teagaisc agus foghlama, agus ní chun críche measúnú amháin. Tá sé i gceist go dtabharfaidh múinteoirí treoir agus tacaíocht do scoláirí agus go ndéanfaidh siad maoirseacht orthu ó thús deireadh an phróisis.

D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist le tacaíocht:

- riachtanais an taisc a shoiléiriú
- samplaí anótáilte d'obair scoláirí, a fhaightear ar https://www.curriculumonline.ie/junior-cycle/junior-cycle-subjects/music/examples-of-student-work/, a úsáid le brí agus le léirmhíniú na nGnéithe Cáilíochta a shoiléiriú do na scoláirí
- treoir agus aiseolas a chur ar fáil go rialta agus go straitéiseach le críochnú tráthúil na measúnuithe a éascú
- tacaíocht a chur ar fáil do scoláire ar bith a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Tabhair faoi deara nach féidir glacadh ach le hobair an scoláire féin lena mheas sna Measúnuithe Rangbhunaithe agus don tuairisciú i bPróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

## Cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh

Déanann an scoil éascaíocht ar chleachtais mheasúnaithe chuimsithigh, mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnuithe Rangbhunaithe. Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir tacaíochtaí réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire i Measúnuithe Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir. Ba cheart do na tacaíochtaí sin, m.sh. an tacaíocht a thugann cúntóir riachtanas speisialta nó tacaíocht na dteicneolaíochtaí oiriúnaitheacha, a bheith ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

## Measúnuithe Rangbhunaithe i gCeol

Bíonn dhá Mheasúnú Rangbhunaithe sa Cheol. Déantar iad a mheasúnú ar leibhéal comónta. Baineann siad le torthaí foghlama sonracha agus tugann na scoláirí fúthu laistigh de thréimhse ama sonraithe le linn am teagmhála ranga de réir amchláir náisiúnta (arna chur in iúl ag CNCM) san fhéilire scoile. Cuirfear an tráthchlár seo le haghaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe le haghaidh gach ábhair ar fáil gach bliain ar https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shoisearach/ agus https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/junior-cycle/. Tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe, cuirfidh na scoláirí scrúdú praiticiúil i gcrích, a dhéanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit a mharcáil mar chuid den scrúdú deiridh i gCeol. Tugtar breac-chuntas ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus an sceideal táscach le haghaidh Ceoil i dTábla 1 thíos.

**Tábla 1: Measúnuithe Rangbhunaithe le haghaidh Ceoil**

| Measúnuithe Rangbhunaithe | Leagan amach | Ullmhúchán an scoláire |
|---|---|---|
| **Punann Chumadóireachta** | Dhá phíosa a roghnaíonn an scoláire óna bpunann | Táirgtear saothair chumadóireachta le himeacht aimsire le tacaíocht agus treoir an mhúinteora |
| **Nóta Cláir** | Nóta cláir do dhuine aonair nó do ghrúpa, sa leagan amach roghnaithe | I rith trí seachtaine ar a mhéad, le tacaíocht agus treoir ón múinteoir |

## Measúnú Rangbhunaithe 1: Punann Chumadóireachta

I gcás an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo, tugtar deis do na scoláirí ceiliúradh a dhéanamh ar a n-éachtaí mar chruthaitheoirí déantán ceoil, ach bailiúchán dá smaointe ceoil agus léirithe cruthaitheacha a chur le chéile i réimse seánraí agus stíleanna éagsúla le himeacht ama. Bailíonn na scoláirí a smaointe ceoil chun iad a chur i dtoll a chéile i bpunann, a thacaíonn leo a nguth ceoil a fhorbairt, agus a ligeann dá bhféiniúlacht agus nádúr ceoil teacht chun cinn.

Tá forbairt léirithe chruthaithigh ina bunphrionsabal lárnach den ábhar seo, faoi mar atá léirithe i réasúnaíocht agus in aidhm na sonraíochta. Tá sé tábhachtach go gcothófaí meon cruthaitheach sna scoláirí lena mbeidh sé éasca dóibh triail a bhaint as smaointe nua, lenar féidir leo dul sa seans, lena spreagfar iad le deiseanna nua agus dúshlánacha a iniúchadh agus lenar féidir leo machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas cruthaitheach seo. Agus ceol á chumadh agus á chruthú acu do lucht éisteachta roghnaithe nó le haghaidh cuspóir faoi leith, foghlaimeoidh na scoláirí le smaoineamh a thógáil ó cheapadh go réadú.


Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú ag brath, a bheag nó a mhór, ar an stíl cheoil a roghnófar agus ar an meán ina gcuirfear an obair i láthair. Cúpla ceann a d'fhéadfadh a bheith ábhartha go háirithe:

| Measúnú Rangbhunaithe: Punann Chumadóireachta | | |
|---|---|---|
| **Eolas gnásúil** | **Nuáil agus samhlaigh** | **Cultúr agus comhthéacs** |
| **1.1** míreanna gairide ceoil a chumadh, a chur i láthair nó a athsheinm agus tacú leis na míreanna sin trí ostinati rithimeacha/séise/armónacha a chruthú lena dtionlacan **1.2** píosa gairid a chruthú agus a chur i láthair, ag baint úsáid as uirlisí agus/nó fuaimeanna eile mar fhreagairt ar spreagthach **1.3** tionlacan armónach nó rithimeach a dhearadh, an tionlacan sin a thaifeadadh agus tobchumadh a | **2.1** triail a bhaint as cineálacha éagsúla fuaimeanna a dhéanamh ar fhoinse fuaime agus tobchumadh a bhunú air agus píosa gairid a bhreacadh a chorpraíonn na fuaimeanna trí léiriúcháin shiombalacha a chumadh do na fuaimeanna sin **2.2** ráiteas ceoil (ar nós rap nó gligín fógraíochta) a chruthú faoi cheist thráthúil nó imeacht | **3.4** gligín úrnua nó píosa gairid ceoil a chumadh agus a thaibhiú lena úsáid i bhfógra nua do tháirge, agus an saothar cumtha a thaifeadadh **3.5** samplaí de cheol teagmhasach a chumadh agus a thaibhiú a d'fhéadfaí a úsáid i gcomhthéacsanna nó timpeallachtaí éagsúla **3.9** iniúchadh a dhéanamh ar thionchar na n-éifeachtaí próiseála |

| | | |
|---|---|---|
| dhéanamh ar an taifeadadh sin<br>**1.4** cordaí a chur in iúl atá oiriúnach chun tacaíocht armónach a chur ar fáil do líne aonair shéise<br>**1.12** a chur in iúl nuair a athraíonn corda i sleachta ó rogha amhrán. | reatha agus cuspóir agus forbairt an ráitis a chomhroinnt le daoine eile<br>**2.3** sleachta nó móitífeanna/téamaí ó phíosa ceoil a cumadh cheana a oiriúnú trína mhothú, stíl, nó armóin bhunaidh a athrú<br>**2.7** roinnt smaointe ceoil a chruthú agus a chur i láthair ag baint úsáid as uirlisí agus/nó fuaimeanna aimsithe chun mothú nó mothúcháin atá curtha in iúl i ndán,<br>scéal nó alt nuachtáin a léiriú. | (m.sh. saobhadh, aisfhuaimniú, peanáil) ar an bpróiseas taifeadta; roinnt taifeadtaí a roghnú agus measúnú a dhéanamh ar úsáid agus ar éifeachtúlacht éifeachtaí den sórt sin atá iontu |

## Treoirlínte chun Measúnú Rangbhunaithe 1: Punann Chumadóireachta a chur i gcrích

Leagtar amach i bhFíor 1 thíos an próiseas a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe 1 a dhéanamh. Is é aidhm an phróisis seo treoir a thabhairt do na múinteoirí de réir mar a thacaíonn siad lena scoláirí Measúnú Rangbhunaithe 1 a chur i gcrích.




*Fíor 1 An próiseas le Measúnuithe Rangbhunaithe a dhéanamh*

## Ullmhúchán

### Ullmhúchán an scoláire

Ba cheart go mbeadh roinnt eolais, tuisceana agus scileanna forbartha ag na scoláirí i rith na snáitheanna staidéir: Eolas Gnásúil, Nuáil agus Samhlaigh agus Cultúr agus Comhthéacs, chun an phunann sin a chur le chéile.

I bhformhór na gcásanna, tiocfaidh saothar i bpunann an scoláire as trá agus tuile an chleachtais sa seomra ranga. Is iad forbairt scileanna an scoláire mar chruthaitheoir smaoinimh nó smaointe ceoil, agus na smaointe sin a chur in iúl, príomhchuspóir an phróisis. Trí shaothair chumadóireachta an scoláire a bhailiú, cuirtear rannpháirtíocht an scoláire chun cinn nuair a dhéanann na scoláirí an méid seo a leanas:

- spreagthach don saothar cruthaitheach a shainaithint agus a roghnú
- an leagan amach (na leaganacha amach) ina gcruthófar an píosa ceoil a roghnú
- a smaointe a fhorbairt trí plé le gnéithe eile den chúrsa ceoil
- comhoibriú trí phlé agus fiosrú na smaointe agus móitífeanna.

Tá sé tábhachtach go mbeadh na roghanna ceoil a mheas an scoláire lárnach sa phróiseas cruthaitheach. D'fhéadfaí a áireamh sna cinntí sin:

- Cén lucht éisteachta a bheidh ag an saothar seo?
- Cén cineál nodaireachta/siombailí ceoil is oiriúnaí?
- Cé na huirlisí nó guthanna is fearr don saothar cumadóireachta seo?
- Cén stíl nó seánra is fearr a thagann leis an saothar seo?
- An ndíreoidh an saothar cumadóireachta ar ghnéithe séise, armónacha nó rithimeacha?
- Cén cur chuige struchtúrtha is oiriúnaí?
- Cén cineál éifeachtaí próiseála, nó éifeachtaí gutha, a d'fhéadfaí a chur leis an saothar cumadóireachta?

Is liosta táscach é seo de na ceisteanna ba cheart do na scoláirí agus do na múinteoirí a mheas agus iad ag tabhairt faoin bpróiseas cruthaitheach. Ag pointe iomchuí san fhoghlaim, ba cheart go mbeadh cur amach ag na scoláirí ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfear le cáilíocht a gcuid oibre a mheas.


**Ullmhúchán an mhúinteora**

Caithfidh pleanáil cláir an mhúinteora eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna na scoláirí a fhorbairt de réir a chéile thar réimse torthaí foghlama na sonraíochta roimh an Measúnú Rangbhunaithe agus fad is a chuirtear i gcrích é. Ba cheart don mhúinteoir treoir agus tacaíocht a thabhairt do na scoláirí agus iad ag cur Punann Chumadóireachta an Mheasúnaithe Rangbhunaithe i gcrích, ba cheart freisin na scoláirí a chumasú agus a stiúradh.

D'fhonn ullmhú don Mheasúnú Rangbhunaithe, ba cheart do na múinteoirí eolas a chur ar na cáipéisí seo a leanas atá ar fáil ar www.curriclumonline.ie

- Sonraíocht Cheol na Sraithe Sóisearaí
- Ceol na Sraithe Sóisearaí: Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe
- Samplaí anótáilte d'obair scoláirí
- Measúnú agus Tuairisciú sa tSraith Shóisearach (https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shoisearach/measunu-agus-tuairisciu/)

## Measúnú Rangbhunaithe 1: Punann Chumadóireachta a chur i gcrích




Roghnóidh an scoláire dhá phíosa ón bpunann chumadóireachta chun críocha an mheasúnaithe. Cuirtear béim sa ghníomhaíocht mheasúnaithe seo ar shraith saothair chumadóireachta, smaointe nó móitífeanna ceoil a chruthú, a bhféadfadh na roghanna seo a leanas a bheith ina measc:

- freagairt ar spreagthach éisteachta nó amhairc
- píosa ceoil a cumadh cheana a chóiriú
- mír freagartha ar mhír atá ann cheana a chruthú
- ceol a chur le téacs
- freagairt ar scéal nó ar théacs liteartha
- gligín fógraíochta a chruthú

- píosa ceoil leictreafhuaime a chumadh
- aintiún nó píosa ceoil a chruthú le haghaidh imeacht scoile
- ceol a chumadh mar fhreagairt ar eispéireas pearsanta.

Tá fócas ar an tréith forbartha a bhaineann le cruthú agus cumadh mar bhunús agus bonn eolais faoin Measúnú Rangbhunaithe seo, chomh maith le tuiscint na scoláirí ar an bpróiseas cruthaitheach seo, a bhíonn samhlaíoch go minic, a fhorbairt. Is fearr a thacófar leis sin ach iarrachtaí cruthaitheacha a dhéanamh arís agus arís eile san ealaín agus ceird a bhaineann le ceol a dhéanamh ar scoil agus sa bhaile. Chuige sin, cuimseoidh na scoláirí dréachtaí a bhaineann leis an modheolaíocht seo, cé nach sannfar tuairisceoir leis an saothar seo.

Níl an liosta cineálacha, stíleanna, seánraí agus freagraí seo beartaithe le bheith ina liosta uileghabhálach, ach úsáidtear é lena thabhairt le fios gur cheart go mbeadh meascán éagsúlachta sa bhailiúchán. D'fhéadfadh na roghanna thuasluaite forluí ar a chéile, agus bítear ag súil leis sin, agus níl teorainn ar bith ar na roghanna is féidir leis na scoláirí a dhéanamh. Is féidir leis na saothair chumadóireachta a bheith i stíl nó seánra ceoil aitheanta ar bith, agus is féidir iad a scríobh d'uirlis nó do ghuth agus mar shaothar aonréadach nó grúpa. Is féidir é seo a chur i láthair i bhfoirm scríofa, dhigiteach, físe nó fuaime, nó in aon fhormáid eile a mheasann an scoláire a bheith oiriúnach chun bunbhrí a smaointe a thabhairt le fios.

Roghnóidh na scoláirí dhá phíosa óna mbailiúchán, agus cuirfidh siad i láthair iad don mheasúnú i dtreo dheireadh an Dara Bliain. Ní mór machnamh an scoláire a chur le gach píosa a chuirtear isteach. Is é is aidhm leis sin an deis a thabhairt do na scoláirí cuspóir nó rún an smaoinimh chruthaithigh a leagan amach, agus iarrtar ar na scoláirí an méid a d'fhoghlaim siad ón bpróiseas cruthaitheach a chur in iúl. Tugann sé spás don scoláire freisin an méid a dhéanfadh siad ar bhealach eile ina dhiaidh sin a mheas. Is féidir leis na scoláirí Machnamh an Scoláire a chur isteach do gach píosa i bhfoirm scríofa, dhigiteach, físe nó fuaime, nó in aon fhormáid eile a mheasann an scoláire a bheith oiriúnach chun a gcuid machnaimh ar a saothair chumtha a thabhairt le fios.

Tugtar teimpléad molta do Nóta Machnaimh scríofa an Scoláire in Aguisín A.

## Punann Chumadóireachta: Comhairle don scoláire

Déanfaidh do mhúinteoir monatóireacht ar an obair don mheasúnú seo agus tabharfaidh siad tacaíocht duit ina leith. Is féidir leat dhá phíosa ar bith a roghnú ó na píosaí a chruthaigh, a chum, a d'oiriúnaigh nó a shamhail tú. Nuair a roghnaíonn tú an dá phíosa, ba cheart na cúiseanna ar roghnaigh tú an péire sin thar aon cheann eile a mheas.

Agus tú ag cuimhneamh ar na píosaí a roghnóidh tú, d'fhéadfá a fhiafraí díot féin:

- Cén dá phíosa is mó a bhfuilim bródúil astu agus cén fáth?
- Cé na píosaí a léiríonn an dul chun cinn is fearr ó na coincheapa nó smaointe luatha go dtí an cur i gcrích?

- An léiríonn na píosaí a roghnaigh mé seánraí/stíleanna/meáin éagsúla?

Féadfaidh tú oibriú ar an Measúnú Rangbhunaithe le scoláire amháin eile nó le grúpa. Tabhair faoi deara, mar sin féin, gurb é an ról a bhí agat féin agus an obair a rinne tú féin a bheidh á scrúdú sa mheasúnú i gcomhair Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.


Caithfidh na píosaí a chuireann tú isteach fianaise a léiriú ar na roghanna ceoil a rinne tú chun teacht ar do chinntí faoin gcaoi le do chuid smaointe ceoil a chur i láthair. D'fhéadfaí a áireamh leis na roghanna sin:

- Cén uirlis/cé na huirlisí a roghnóidh mé?
- Cén stíl a roghnóidh mé?
- An gcumfar é seo do ghrúpa nó d'aonréadaí?
- Cé na héifeachtaí próiseála nó taifeadta a d'fhéadfaí a chur leis an gceol?
- Cén lucht éisteachta a bheidh ag an saothar seo?
- Céard a thabharfaidh mé ar an bpíosa ceoil seo?

Caithfidh tú Nóta Machnaimh an Scoláire a dhéanamh don dá phíosa. Áireofar sa nóta sin an teideal nó an téama, nóta gairid faoin gcaoi ar chuimhnigh tú ar an smaoineamh agus machnamh ar an méid a d'fhoghlaim tú ón bpíosa ceoil seo a chruthú (feic Aguisín A). Is féidir leat Machnamh an Scoláire a chur isteach i bhfoirm scríofa, dhigiteach, físe nó fuaime, nó in aon fhormáid eile a mheasann tú a bheith oiriúnach agus cuí chun bunbhrí do chuid machnaimh a thabhairt le fios.

Seans go mbeadh sé níos éasca machnamh a dhéanamh ar gach píosa, agus na nótaí a scríobh, le linn an phróisis chruthaithigh nó díreach i ndiaidh duit iad a chruthú, seachas fanacht go dtí go bhfuil tú ag roghnú do phíosaí le cur isteach don Mheasúnú Rangbhunaithe.

## An leibhéal gnóthachtála a chinneadh: Punann Chumadóireachta



## Na Gnéithe Cáilíochta

Is ann do cheithre thuairisceoir leibhéil gnóthachtála don Mheasúnú Rangbhunaithe seo: *Thar barr ar fad*, *Os cionn na n-ionchas*, *Ag teacht leis na hionchais*, agus *Níor chomhlíon na hionchais go fóill*. Meastar go dtagann an obair ar fad a chuirtear isteach le ceann de na ceithre thuairisceoir sin.

Úsáideann na múinteoirí na Gnéithe Cáilíochta, a leagtar amach anseo thíos, leis an leibhéal gnóthachtála a chinneadh sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidfear lena mheas cén ceann de na tuairisceoirí seo a leanas is fearr a oireann d'obair an scoláire:

Úsáidtear **Thar barr ar fad** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is furasta don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Úsáidtear **Os cionn na n-ionchas** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.

Úsáidtear **Ag teacht leis na hionchais** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.

Úsáidtear **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig siad a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnaimh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.

Agus na Gnéithe Cáilíochta á n-úsáid ag múinteoirí le leibhéal gnóthachtála an scoláire a mheas sa Mheasúnú Rangbhunaithe, úsáideann siad breithiúnas 'ar an iomlán'. Ba cheart don mhúinteoir na Gnéithe Cáilíochta a léamh (*Níor chomhlíon na hionchais go fóill* ar dtús) go dtí go dtagann siad ar an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ar an saothar atá á mheas. Cé gur cheart a thabhairt faoi deara nach dtugann aon cheann de na tuairisceoirí gnóthachtáil gan locht le fios, ba cheart go mbeadh fianaise ar an obair nuair a bhronntar Thar barr ar fad an-ghar do

na critéir don leibhéal sin sna Gnéithe Cáilíochta. Nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir cáilíochta ba cheart a úsáid, ní mór don mhúinteoir breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ó obair an scoláire le teacht ar an tuairisceoir is fearr a oireann d'obair an scoláire ar an iomlán. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas múinteoirí an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos 'ar an iomlán' ar an saothar atá á mheas a roghnú.

Níor cheart do mhúinteoirí talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phatrún dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

Tacaíonn samplaí anótáilte de shaothar scoláirí a fhoilsítear ar https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/junior-cycle/junior-cycle-subjects/music/ le breithiúnais an mhúinteora faoi chaighdeán phíosaí oibre na scoláirí, agus é d'aidhm leo comhthuiscint a bhaint amach ar chaighdeáin agus ar ionchais; tacaíonn na Gnéithe Cáilíochta sna treoirlínte leo freisin chomh maith le comhoibriú agus plé le comhghleacaithe i rith na gcruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ).

| Na Gnéithe Cáilíochta: Ceol – Punann Chumadóireachta |
|---|
| **Thar barr ar fad**<br>• Tá na coincheapa séise, rithimeacha nó armónacha thar a bheith forbartha ar bhealach atá an-oilte agus sofaisticiúil, agus tá an saothar cumtha an-úrnua agus samhlaíoch dá bharr<br>• Tá fianaise an-láidir ar thuiscint ar oiriúnacht na n-uirlisí/na n-éifeachtaí/an mheáin/an tseánra a roghnaíodh<br>• Ceapadh an píosa ceoil agus cuspóir an-soiléir aige, agus cuireadh i gcrích go hiomlán é dá fhaighteoir/lucht éisteachta beartaithe. |
| **Os cionn na n-ionchas**<br>• Tá na coincheapa séise, rithimeacha nó armónacha an-fhorbartha ar bhealach atá oilte agus sofaisticiúil, agus tá an saothar cumtha úrnua agus samhlaíoch dá bharr<br>• Tá fianaise láidir ar thuiscint ar oiriúnacht na n-uirlisí/na n-éifeachtaí/an mheáin/an tseánra a roghnaíodh<br>• Ceapadh an píosa ceoil agus cuspóir beartaithe aige, agus cuireadh i gcrích go han-mhaith é dá fhaighteoir/lucht éisteachta beartaithe. |
| **Ag teacht leis na hionchais**<br>• Tá na coincheapa séise, rithimeacha nó armónacha forbartha go maith, agus tá fianaise ar roinnt úrnuachta agus samhlaíochta sa saothar cumtha dá bharr<br>• Tá tuiscint leordhóthanach ar oiriúnacht na n-uirlisí/na n-éifeachtaí/an mheáin/an tseánra a roghnaíodh<br>• Ceapadh an píosa ceoil agus cuspóir aige, agus cuireadh i gcrích go maith é dá fhaighteoir/lucht éisteachta beartaithe. |
| **Níor chomhlíon na hionchais go fóill**<br>• Níl na coincheapa séise, rithimeacha ná armónacha sách forbartha, agus tá easpa úrnuachta agus samhlaíochta sa saothar cumtha dá bharr<br>• Tá easpa fianaise ar thuiscint ar oiriúnacht na n-uirlisí/na n-éifeachtaí/an mheáin/an tseánra a roghnaíodh agus neamhleanúnachas eatarthu<br>• Níl cuspóir ag an bpíosa ceoil, agus is beag comaoin ná feasacht a léirítear ar an bhfaighteoir/lucht éisteachta beartaithe. |

Cuirfear na Gnéithe Cáilíochta seo i bhfeidhm ar shamplaí barántúla d'obair scoláirí. Ag eascairt ón bpróiseas seo:

- d'fheadfaí leasuithe a dhéanamh ar na Gnéithe Cáilíochta
- foilseofar Gnéithe Cáilíochta leasaithe, mar is cuí, sna treoirlínte measúnaithe agus
- foilseofar samplaí anótáilte d'obair scoláirí ar www.curriculumonline.ie

### Tuairisciú ar ghnóthachtáil sa Phunann Chumadóireachta

Is é an tuairisceoir a úsáidtear i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí le tuairisciú ar ghnóthachtáil an scoláire i Measúnú Rangbhunaithe 1, *An Phunann Chumadóireachta*, an ceann is fearr a léiríonn gnóthachtáil iomlán an scoláire ar fud an dá phíosa, mar chruthaitheoir saothar ceoil.

Nuair a mheastar go bhfuil an dá shaothar cumtha atá curtha isteach ag an scoláire ag teacht leis an tuairisceoir céanna (m.sh. an dá cheann *Ag teacht leis na hionchais*, an dá cheann *Os cionn na n-ionchas*), taifeadtar an tuairisceoir sin i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Nuair a mheastar go bhfuil an dá shaothar cumtha atá curtha isteach ag an scoláire ag teacht le dhá thuairisceoir dhifriúla (m.sh. tá ceann acu *Ag teacht leis na hionchais*, agus an ceann eile *Os cionn na n-ionchas*), is tábhachtach a chur san áireamh gur roghnaíodh an dá shaothar sin as punann atá níos leithne ná sin. Mura bhfuil dhá shaothar cumtha ag an scoláire lena léirítear gnóthachtáil ar leibhéal amháin (m.sh. an dá cheann *Os cionn na n-ionchas*), is é an tuairisceoir is ísle den dá thuairisceoir is ea an ceann is fearr a léiríonn gnóthachtáil an scoláire, toisc nach bhfuil an caighdeán is airde bainte amach ag an scoláire ar fud a bpunainne.

## Measúnú Rangbhunaithe 2: Nóta Cláir

Don Mheasúnú Rangbhunaithe seo, ullmhóidh na scoláirí Nóta Cláir gonta chun eolas a thabhairt do lucht éisteachta faoin ábhar ar a dtaibhiú atá ag teacht ina mbeidh scrúdú praiticiúil san áireamh ann féin.

Tá an Nóta Cláir beartaithe chun léargas a thabhairt ar ábhar an taibhithe atá ag teacht ar bhealach suimiúil agus ábhartha. Cé go bhfuil an léargas seo tábhachtach don lucht éisteachta, saibhríonn sé an taibhiú a dhéanfaidh an scoláire chomh maith.

Nuair a chuirtear roinnt eolas cúlra faoi shaol na gcumadóirí ceoil nó amhrán ar fáil is féidir léargas tábhachtach faoina rúin, agus tuiscint ar comhthéacs níos leithe an cheoil a thaibheofar a chur ar fáil. Trí chomharthaí a chur ar fáil don éisteoir agus don lucht éisteachta faoi phointí ar leith le héisteacht leo agus roinnt scéalta suimiúla a thabhairt faoi chumadóir ceoil/amhrán an phíosa, saibhrítear eispéireas an éisteora agus tugtar eolas dóibh faoi.


Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú ag brath, a bheag nó a mhór, ar an stíl cheoil a roghnófar agus ar an meán ina gcuirfear an obair i láthair. Cúpla ceann a d’fhéadfadh a bheith ábhartha go háirithe:

| Measúnú Rangbhunaithe: Nóta Cláir | | |
|---|---|---|
| **Eolas gnásúil** | **Nuáil agus samhlaigh** | **Cultúr agus comhthéacs** |
| **1.10** plé a dhéanamh ar shaintréithe agus ar ghnéithe sainithe stíleanna codarsnacha ceoil a léirítear sa scoil nó sa phobal áitiúil<br>**1.11** struchtúr píosa ceoil a léiriú trí léiriúchán fisiciúil nó amhairc<br>**1.13** comparáid a dhéanamh idir léirmhínithe nó cóirithe difriúla ar | **2.4** amhrán nó píosa gairide uirlise a chleachtadh agus a chur i láthair; na scileanna agus na teicnící ba ghá chun an ceol a léirmhíniú go héifeachtúil a shainaithint agus a phlé<br>**2.5** píosa ceoil a ullmhú agus a chleachtadh do ensemble a dhíríonn ar | **3.2** scrúdú agus léirmhíniú a dhéanamh ar thionchar an cheoil ar léiriú na gcarachtar, a gcaidreamh agus a mothúchán, de réir mar a iniúchtar é i gceol uirlise ó sheánraí éagsúla<br>**3.7** píosaí le beirt chumadóirí ceoil nó amhrán Éireannacha, nó níos mó ná sin, a chur i |

| | | |
|---|---|---|
| phíosa ceoil thraidisiúnta na hÉireann, agus aird á tabhairt ar ghnéithe ceoil agus tionchair eile<br>**1.14** comparáid a dhéanamh idir píosaí ceoil atá cosúil de réir ré agus stíle le cumadóirí éagsúla ó thíortha éagsúla. | chomhoibriú agus éisteacht do chothromú agus d'iontonú; an léirmhíniú a bheachtú trí bhreathnú ar ghnéithe amhail soiléireacht, líofacht, éifeacht cheoil agus stíl<br>**2.10** sraith critéar a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar thaibhiú beo nó taifeadta; úsáid a bhaint as na critéir sin chun athbhreithniú domhain a dhéanamh ar thaibhiú. | gcomparáid lena chéile; úsáid a bhaint as éisteacht, léamh cúlra, agus scóir (nuair is cuí) chun míniú a thabhairt agus cur síos a dhéanamh ar na difríochtaí agus na cosúlachtaí sna saothair chumtha. |

## Treoirlínte chun Measúnú Rangbhunaithe 2: Nóta Cláir a chur i gcrích

Leagtar amach i bhFíor 2 thíos an próiseas a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe 2 a dhéanamh. Is é aidhm an phróisis seo treoir a thabhairt do na múinteoirí de réir mar a thacaíonn siad lena scoláirí Measúnú Rangbhunaithe 2 a chur i gcrích.




*Fíor 2 An próiseas le Measúnuithe Rangbhunaithe a dhéanamh*

### Ullmhúchán

**Ullmhúchán an scoláire**

Ba cheart go mbeadh roinnt eolais, tuisceana agus scileanna forbartha ag na scoláirí i rith na dtrí shnáithe staidéir: Eolas Gnásúil, Nuáil agus Samhlaigh agus Cultúr agus Comhthéacs, chun tabhairt faoin Nóta Cláir a chur i gcrích. Mar chuid de theagasc, d'fhoghlaim agus de mheasúnú na dtorthaí foghlama do Cheol, a bhíonn ar bun go leanúnach, ba cheart go mbeadh deiseanna ag na scoláirí chun scileanna taighde a

fhorbairt, chomh maith le deiseanna chun a n-obair féin, agus obair a gcomhscoláirí, a phlé.


Ba cheart do na múinteoirí a chinntiú gurb é obair na scoláirí féin atá i gceist leis an eolas a thugtar i Nóta Cláir na scoláirí.  Ní mór a mheabhrú do na scoláirí gur gá an t-eolas a aimsíonn siad a phróiseáil ach é a léamh, a thuiscint agus ansin é a ullmhú ina bhfocail féin. Níor cheart do na scoláirí an t-ábhar a chóipeáil go díreach óna bhfoinsí taighde. Ag pointe iomchuí san fhoghlaim, ba cheart go mbeadh cur amach ag na scoláirí ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfear le cáilíocht a gcuid oibre a mheas.

### Ullmhúchán an mhúinteora

Caithfidh pleanáil cláir an mhúinteora eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna na scoláirí a fhorbairt de réir a chéile thar réimse torthaí foghlama na sonraíochta. D'fhonn ullmhú don Mheasúnú Rangbhunaithe, ba cheart do na múinteoirí eolas a chur ar na cáipéisí seo a leanas atá ar fáil ar www.curriculumonline.ieJunior Cycle Music Specification

- Sonraíocht Cheol na Sraithe Sóisearaí
- Ceol na Sraithe Sóisearaí: Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe
- Samplaí anótáilte d'obair scoláirí
- Measúnú agus Tuairisciú sa tSraith Shóisearach https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shoisearach/measunu-agus-tuairisciu/

## Measúnú Rangbhunaithe 2: Nóta Cláir a chur i gcrích




Caithfear an Nóta Cláir a chríochnú coicís roimh an scrúdú praiticiúil, a bhíonn ar siúl go hiondúil i dtreo dheireadh an dara téarma sa tríú bliain, nó ag tús an tríú téarma sa tríú bliain. Níor cheart go dtógfadh sé níos mó ná trí seachtaine an Nóta Cláir a chríochnú, agus ba cheart é a chur i gcrích le tacaíocht agus treoir ón múinteoir.

Cé nach moltar aon chur chuige faoi leith do leagan amach agus struchtúir an Nóta Cláir,

ba cheart go mbeadh an méid seo a leanas ann:

- tús eolais gairid ar na cumadóirí ceoil/amhrán (más infheidhme)

- cur síos ar chomhthéacs stairiúil na bpíosaí agus ar na cúinsí a bhaineann leis an saothar cumadóireachta
- pointe spéisiúil ceoil amháin i ngach píosa a n-éistfidh an t-éisteoir/lucht éisteachta leo
- eiseamláirí cáiliúla d'fhonn nó uirlis
- ról an scoláire i dtaibhiú grúpa.

Beidh tionchar ag a lán tosca ar struchtúr an Nóta Cláir. Beidh a gcuirfear san áireamh le haghaidh taibhiú i stíl thraidisiúnta Éireannach an-difriúil leis an méid a chuirfear san áireamh le haghaidh stíl Bharócach nó Chlasaiceach. Tarraingeofar aird ar ghnéithe i dtaibhiú aonréadach uirlise nó gutha a bheidh difriúil leis na gnéithe a bheidh i gceist le taibhiú grúpa. Caithfear tagairt a dhéanamh do na trí phíosa sa Nóta Cláir.

Dá bhrí sin, beidh an Nóta Cláir chomh héagsúil agus chomh huathúil agus a bheidh taibhiú ar leith gach scoláire, agus cinnte caithfear é sin a chur san áireamh nuair atá an nóta seo á chruthú. Tabharfar an tsolúbthacht, dá bhrí sin, do na scoláirí méideanna áirithe béime a chur ar ghnéithe agus ar thréithe ceoil difriúla.

Cuirfear an Nóta Cláir seo faoi bhráid an mhúinteora coicís roimh dháta tosaithe an scrúdaithe phraiticiúil sa scoil sin. Cinnteoidh sé sin nach gcuirfear isteach ar an am a theastaíonn chun ullmhú don scrúdú praiticiúil. Is faoi na scoláirí an chaoi a gcuirfear an Measúnú Rangbhunaithe seo i láthair a roghnú, agus is féidir é a chur i láthair i bhfoirm scríofa, dhigiteach, físe nó fuaime, nó in aon fhormáid eile a mheasann an scoláire a bheith oiriúnach chun bunbhrí na smaointe a theastaíonn uathu a chur in iúl faoina dtaibhiú a thabhairt le fios.

### Measúnú Rangbhunaithe: Nóta Cláir: Comhairle don scoláire

Déanfaidh do mhúinteoir monatóireacht ar an obair don mheasúnú seo agus tabharfaidh siad tacaíocht duit ina leith. Beidh ort eolas faoin gcumadóir ceoil/amhrán a chur sa Nóta Cláir seo, roinnt pointí spéisiúla faoi chuspóir an tsaothair agus roinnt buaicphointí ceolmhara ionas go mbeidh an lucht éisteachta nó an t-éisteoir ar an eolas fúthu agus ar an eolas faoi chomhthéacs na bpíosaí do do scrúdú praiticiúil.

Agus an Nóta Cláir á ullmhú, leagtar béim ar an achoimre ar an bpríomheolas ar mhaith leat aird an lucht éisteachta nó an éisteora a dhíriú air. Ba cheart don Nóta Cláir a bheith gonta agus ba cheart mionsonraí rófhada, casta, nach bhfuil gá leo, a sheachaint. Agus an Nóta Cláir á ullmhú, tá sé tábhachtach do chuid focal féin a úsáid agus an méid atá foghlamtha agat a mhíniú. Agus taighde á dhéanamh agat ar shuíomhanna gréasáin éagsúla: léigh an t-eolas, smaoinigh faoin nasc atá aige leis an gceol a sheinnfidh tú, agus ansin cuir an Nóta Cláir le chéile i do chuid focal féin.

Nuair atá an t-eolas atá le cur sa Nóta Cláir á mheas agat, d'fhéadfá na ceisteanna seo a leanas a fhiafraí faoi gach píosa:

- Cé a chum an píosa seo?
- Cén fáth ar chum an cumadóir ceoil/amhrán an ceol seo?
- Mura bhfuil aithne ar an gcumadóir ceoil/amhrán (mar a tharlaíonn i gcás roinnt ceol traidisiúnta nó ceol tíre mar shampla), cén cineál píosa uirlise nó gutha é seo?
- Cé hiad na heiseamláirí cáiliúla den chineál seo ceol traidisiúnta nó tíre?
- Céard a bhí ag tarlú i dtír an chumadóra nuair a cumadh an saothar seo?
- An dtagann an píosa seo leis na saothair eile a cumadh nó a bailíodh thart ar an am céanna?
- Céard é an pointe is spéisiúla sa phíosa seo dar liom?
- Céard air a dtreoróidh mé aird an éisteora?
- Céard í an chuid is fearr liom sa phíosa seo?


Is cuma má tá tú ag taibhiú i d'aonar nó i ngrúpa, nó i meascán díobh siúd, caithfidh tú fós nóta cláir de do chuid féin a chur ar fáil, ach ba cheart go n-áireofaí sa nóta ar an taibhiú grúpa tráchtaireacht faoi do rólsa sa ghrúpa agus an méid a chuir tú leis. Tabhair faoi deara gurb é do Nóta Cláir féin a bheidh á scrúdú sa mheasúnú i gcomhair Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Má chum tú aon cheann de na píosaí atá i do chlár don scrúdú praiticiúil, ba cheart duit tráchtaireacht agus machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna thuasluaite ar an mbealach céanna.

Is fút féin é struchtúr an Nóta Cláir, agus tá an rogha agus an tsolúbthacht agat é a chur i láthair i pé leagan amach a roghnaíonn tú, agus ar bhealach a chuireann ar do chumas díriú ar na gnéithe atá ábhartha do do thaibhiú. Toisc go léann daoine ó mheascán mór cúlraí agus eolais na nótaí cláir, is é an dúshlán a bhaineann leis seo nótaí a chruthú a fhreastalaíonn ar an raon daoine sin agus rud éigin a mbeadh spéis ag an éisteoir eolach agus ag an éisteoir nua araon ann a sholáthar.

Caithfear an Nóta Cláir seo a chríochnú coicís roimh an scrúdú praiticiúil, agus moltar nach gcaithfeá níos mó ná trí seachtaine i mbun taighde agus oibre ar an Nóta Cláir. D'fhéadfadh go mbeadh sé níos éasca do Nóta Cláir a chríochnú agus tú ag foghlaim do phíosaí, toisc go gcuirfidh an taighde bonn eolais faoi do chleachtadh agus faoin obair chun slacht a chur ar na píosaí roimh an scrúdú praiticiúil.

## An leibhéal gnóthachtála a chinneadh: Nóta Cláir



## Na Gnéithe Cáilíochta

Is ann do cheithre thuairisceoir leibhéil gnóthachtála don Mheasúnú Rangbhunaithe seo: *Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais,* agus *Níor chomhlíon na hionchais go fóill*. Meastar go dtagann an obair ar fad a chuirtear isteach le ceann de na ceithre thuairisceoir sin.

Úsáideann na múinteoirí na Gnéithe Cáilíochta, a leagtar amach anseo thíos, leis an leibhéal gnóthachtála a chinneadh sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidfear lena mheas cén ceann de na tuairisceoirí seo a leanas is fearr a oireann d'obair an scoláire:

Úsáidtear **Thar barr ar fad** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is furasta don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Úsáidtear **Os cionn na n-ionchas** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.

Úsáidtear **Ag teacht leis na hionchais** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.

Úsáidtear **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig siad a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnaimh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.

Agus na Gnéithe Cáilíochta á n-úsáid ag múinteoirí le leibhéal gnóthachtála an scoláire a mheas sa Mheasúnú Rangbhunaithe, úsáideann siad breithiúnas 'ar an iomlán'. Ba cheart

don mhúinteoir na Gnéithe Cáilíochta a léamh (*Níor chomhlíon na hionchais go fóill* ar dtús) go dtí go dtagann siad ar an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ar an saothar atá á mheas. Cé gur cheart a thabhairt faoi deara nach dtugann aon cheann de na tuairisceoirí gnóthachtáil gan locht le fios, ba cheart go mbeadh fianaise ar an obair nuair a bhronntar Thar barr ar fad an-ghar do na critéir don leibhéal sin sna Gnéithe Cáilíochta. Nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir cáilíochta ba cheart a úsáid, ní mór don mhúinteoir breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ó obair an scoláire le teacht ar an tuairisceoir is fearr a oireann d'obair an scoláire ar an iomlán. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas múinteoirí an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos 'ar an iomlán' ar an saothar atá á mheas a roghnú.

Níor cheart do mhúinteoirí talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phatrún dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

Tacaíonn samplaí anótáilte de shaothar scoláirí a fhoilsítear ar https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/junior-cycle/junior-cycle-subjects/music/ le breithiúnais an mhúinteora faoi chaighdeán phíosaí oibre na scoláirí, agus é d'aidhm leo comhthuiscint a bhaint amach ar chaighdeáin agus ar ionchais; tacaíonn na Gnéithe Cáilíochta sna treoirlínte leo freisin chomh maith le comhoibriú agus plé le comhghleacaithe i rith na gcruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ).

**Na Gnéithe Cáilíochta: Ceol: Nóta Cláir**

**Thar barr ar fad**

- Tá na sonraí a thugtar faoi na píosaí sa Nóta Cláir ar an-ardchaighdeán, beacht, suimiúil agus an-spéisiúil agus tugtar tacaíochtaí cuimsitheacha don éisteoir
- Tugtar eolas domhain agus an-mhionsonraithe ar chomhthéacs stairiúil nó cuspóir an tsaothair chumtha
- Léiríonn sonraí beathaisnéise an chumadóra ceoil/amhrán/eiseamláirí na stíle leibhéal an-ard tionscnaíochta sa taighde.

**Os cionn na n-ionchas**

- Tá na sonraí a thugtar faoi na píosaí sa Nóta Cláir beacht, suimiúil, spéisiúil agus an-soiléir, agus tugtar tacaíochtaí an-mhaith don éisteoir
- Tugtar eolas domhain mionsonraithe ar chomhthéacs stairiúil nó cuspóir an tsaothair chumtha
- Léiríonn sonraí beathaisnéise an chumadóra ceoil/amhrán/eiseamláirí na stíle leibhéal ard tionscnaíochta sa taighde.

**Ag teacht leis na hionchais**

- Tugtar roinnt eolais agus sonraí spéisiúla, atá gonta, faoi na píosaí sa Nóta Cláir, agus tugtar tacaíochtaí maithe don éisteoir
- Tugtar dóthain eolais agus cúlra ar chomhthéacs stairiúil nó cuspóir an tsaothair chumtha
- Léiríonn sonraí beathaisnéise an chumadóra ceoil/amhrán/eiseamláirí na stíle roinnt tionscnaíochta sa taighde.

**Níor chomhlíon na hionchais go fóill**

- Tugtar eolas agus sonraí teoranta faoi na píosaí sa Nóta Cláir agus is beag tacaíocht, más ann ar chor ar bith di, a thugtar don éisteoir
- Tugtar eolas agus cúlra teoranta ar chomhthéacs stairiúil nó cuspóir an tsaothair chumtha
- Léiríonn sonraí beathaisnéise an chumadóra ceoil/amhrán/eiseamláirí na stíle easpa fianaise ar thaighde nó ar léitheoireacht neamhspleách.

Cuirfear na Gnéithe Cáilíochta seo i bhfeidhm ar shamplaí barántúla d'obair scoláirí. Ag eascairt as sin:

- d'fheadfaí leasuithe a dhéanamh ar na Gnéithe Cáilíochta
- foilseofar Gnéithe Cáilíochta leasaithe, mar is cuí, sna treoirlínte measúnaithe
- foilseofar samplaí anótáilte d'obair scoláirí ar [www.curriculumonline.ie](www.curriculumonline.ie)

### Tuairisciú ar ghnóthachtáil sa Nóta Cláir

Is é an tuairisceoir a úsáidtear i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí le tuairisciú ar ghnóthachtáil an scoláire i Measúnú Rangbhunaithe 2, Nóta Cláir, an ceann 'is oiriúnaí' agus a léiríonn gnóthachtáil iomlán an scoláire i ndáil le rúin, comhthéacsanna agus léargas ceoil a dtaibhithe ar na bacáin a chur in iúl.

Ullmhúchán → An Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích → An leibhéal gnóthachtála a chinneadh → **Na chéad chéimeanna eile**

## Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Gheobhaidh comhaltaí foirne comhthuiscint ar chaighdeáin na sraithe sóisearaí trí phlé gairmiúil a dhéanamh sna cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, áit a dtabharfaidh na comhaltaí foirne a samplaí féin d'obair scoláirí isteach agus a gcuirfidh siad a mbreithiúnais i gcomparáid le breithiúnais comhghleacaithe eile, agus le samplaí anótáilte d'obair scoláirí arna gcur ar fáil ag CNCM. Le himeacht ama, is mar thoradh ar an bpróiseas sin a gheofar tuiscint níos fearr ar na caighdeáin agus a chinnteofar go ndéantar feidhmíocht scoláirí a mheas ar bhonn comhsheasmhach.

Baileofar samplaí de Mheasúnú Rangbhunaithe 1: Punann Chumadóireachta agus Measúnú Rangbhunaithe 2: Nótaí Cláir leis na scoláirí i gcomhair plé ag na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ). Mar ullmhúchán don chruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, sainaithneoidh gach múinteoir sampla amháin d'obair scoláirí le haghaidh gach tuairisceora, nuair is féidir, agus beidh siad sin ar fáil lena bplé ag an gcruinniú. Tá tuilleadh sonraí faoin gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a bhainistiú agus faoi pháirt a ghlacadh ann in Aguisín B agus ar líne ar https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shoisearach/measunu-agus-tuairisciu/cruinnithe-afma/

Cé go bhfuil sé níos éasca an próiseas seo a eagrú i scoil ina bhfuil níos mó ná múinteoir ceoil amháin, mura bhfuil ach múinteoir ceoil amháin sa scoil, moltar go bpléifeadh an múinteoir sin na socruithe measúnaithe lena n-éascaitheoir/le lucht bainistíochta na scoile ag féachaint le dul i dteagmháil le múinteoirí i scoileanna eile gar dóibh agus comhordú leo. Is féidir leis an múinteoir agus a gcomhghleacaithe dáta a phleanáil agus a chomhaontú don chruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

## Torthaí na Measúnuithe Rangbhunaithe a thaifeadadh agus a thuairisciú

Tar éis an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair déanfaidh gach múinteoir athmhachnamh ar bhreithiúnas ar obair a scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh siad na hathruithe cuí chun an leibhéal

gnóthachtála a bronnadh ar an saothar ar an gcéad dul síos a chur ina cheart. Úsáidtear na tuairisceoirí a bhronntar chun dul chun cinn agus gnóthachtáil a thuairisciú do thuismitheoirí agus do scoláirí mar chuid de nósanna imeachta leanúnacha na scoile um thuairisciú agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Sa chás nach gcuireann scoláire aon obair isteach dá Measúnú Rangbhunaithe, ní féidir tuairisceoir a bhronnadh, toisc nach féidir obair a phlé i gcomparáid leis na Gnéithe Cáilíochta. Sa chás sin, ba cheart 'Neamhthuairiscithe' a roghnú nuair atá torthaí á gcur isteach i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí. Tá tuilleadh eolais faoi thuairisceoirí an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a thuairisciú do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí ar fáil ón Roinn Oideachais agus Scileanna ar an nasc seo a leanas: https://www.gov.ie/ga/an-roinn-oideachais/seirbhisi/an-tionscadal-bunachar-sonra%C3%AD-ar-l%C3%ADne-diar-bhunscoileanna-p-pod/

### Aiseolas a úsáid

Céim ríthábhachtach is ea aiseolas éifeachtach a chur ar fáil faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 1: Punann Chumadóireachta agus Measúnú Rangbhunaithe 2: Nóta Cláir chun tacú le foghlaim na scoláirí. Cuirfear na scoláirí ar an eolas faoin tuairisceoir a bronnadh orthu díreach tar éis torthaí an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a phróiseáil. Bíodh sin mar atá, bíonn níos mó i gceist leis an aiseolas ná an tuairisceoir a bronnadh ar na scoláirí a chur in iúl dóibh. Féadtar aiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire, agus ar réimsí ar gá iad a fheabhsú, a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim amach anseo. Tá tuilleadh eolais faoi aiseolas a úsáid le fáil ag https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shoisearach/measunu-agus-tuairisciu/diriu-ar-an-bhfoghlaim/

### Toradh a cheistiú

Is í an scoil a phléifidh ceisteanna i ndáil leis na Tuairisceoirí a bhronntar ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe, nuair a thagann a leithéid chun cinn.

## Naisc úsáideacha

- Creat don tSraith Shóisearach: Tugtar breac-chuntas ar an measúnú don tsraith shóisearach sa Chreat don tSraith Shóisearach, 2015, atá ar fáil ag https://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuarascálacha-Beartais/Creat-don-tSraith-Shoisearach- 2015.pdf.
- Measúnú sa tsraith shóisearach: Is féidir teacht ar an gcáipéisíocht ar fad a bhaineann le measúnú sa tsraith shóisearach ar https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shoisearach/measunu-agus-tuairisciu/.
- Coimisiún na Scrúduithe Stáit: Beidh na treoracha ar fad don scrúdú deiridh i dtreoir a eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit i rith an tríú bliain den tsraith shóisearach ar www.examinations.ie.
- Is féidir teacht ar shamplaí de shaothar scoláirí don dá Mheasúnú Rangbhunaithe ar an nasc seo: https://www.curriculumonline.ie/junior-cycle/junior-cycle-subjects/music/examples-of-student-work/
- Sonraíocht churaclaim do Cheol na Sraithe Sóisearaí: https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/junior-cycle/junior-cycle-subjects/music/

## Aguisín A: Teimpléad molta do Nóta Machnaimh scríofa an Scoláire ar Mheasúnú Rangbhunaithe 1: Punann Chumadóireachta

Tabhair faoi deara: Is féidir leis na scoláirí Machnamh an Scoláire a chur isteach do gach píosa i bhfoirm scríofa, dhigiteach, físe nó fuaime, nó in aon fhormáid eile a mheasann an scoláire a bheith oiriúnach chun a gcuid machnaimh ar a saothair chumtha a thabhairt le fios.

| SCOIL | SCOLÁIRE |
|---|---|
| **Teideal nó téama an tsaothair cumadóireachta:** | |
| **Cuspóir agus comhthéacs an tsaothair cumadóireachta:** | |
| **Cá bhfuair mé na smaointe don saothar cumadóireachta seo?** | **D'fhéadfaí mo shaothar cumadóireachta a úsáid le haghaidh...** |
| **Mo mheasúnú ar m'obair féin:** | |
| **An méid a d'fhoghlaim mó ón saothar seo a chruthú:** | |
| **Na rudaí a dhéanfainn ar bhealach eile an chéad uair eile:** | |

| Scoláire: | Múinteoir: | Dáta: |
|---|---|---|
| | | |

Tabhair faoi deara: is teimpléad molta é seo don phíosa scríofa a bheidh le cur isteach. Níl na réimsí a thugtar thuas saintreorach ná uileghabhálach.

## Aguisín B: Tacaíocht do bhreithiúnas an mhúinteora: Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Cuireann cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ar chumas múinteoirí comhsheasmhacht a bhaint amach i gcomhar lena chéile ina mbreithiúnais ar obair scoláirí bunaithe ar Ghnéithe Cáilíochta comónta a leagtar amach go seachtrach. Forbrófar tuiscint níos mó ar chaighdeáin agus ar ionchais de réir a chéile de réir mar a thiocfaidh múinteoirí le chéile i bplé gairmiúil chun machnamh a dhéanamh ar cháilíocht obair a gcuid scoláirí féin, agus treoir acu ó shonraíocht ábhair, treoirlínte measúnaithe agus ábhar tacaíochta eile lena n-áirítear samplaí anótáilte d'obair scoláirí arna soláthar ag CNCM.

### Forléargas

Tá an próiseas athbhreithnithe dírithe ar mhúinteoirí ag plé obair na scoláirí ag cruinnithe struchtúrtha. Beidh ról tábhachtach aige ag cuidiú le múinteoirí tuiscint a fhorbairt ar chaighdeáin agus ar ionchais trí chur ar a gcumas machnamh a dhéanamh ar an bhfianaise d'obair na scoláirí agus chun na straitéisí foghlama agus teagaisc a thacaíonn leis an obair sin a chomhroinnt.

Is iad cuspóirí an phróisis athbhreithnithe an méid seo a leanas a bhaint amach:

- comhsheasmhacht níos fearr i mbreithiúnas múinteoirí
- aiseolas níos fearr do scoláirí
- ailíniú níos fearr idir breithiúnais agus caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo

a dhearbhú do thuismitheoirí agus do dhaoine eile go bhfaigheann scoláirí an t-aitheantas cuí ar a ngnóthachtáil de réir na gcaighdeán agus na n-ionchas.

Beidh soláthar i bhféilire na scoile don tréimhse a thógfaidh cruinnithe athbhreithnithe ón 22 uair an chloig de thréimhse ghairmiúil a leithroinnfear ar gach múinteoir lánaimseartha gach bliain. Dáilfidh bainistíocht na scoile dhá uair an chloig eile ar mhúinteoir amháin i ngach ábhar chun gach cruinniú athbhreithnithe a ullmhú agus a chomhordú. Beidh gach múinteoir ábhartha i mbun an róil sin ar a sheal.

Beidh gach cruinniú:

- ag baint go sonrach le hábhar amháin
- thart ar dhá uair an chloig ar fad
- ar bun chomh gar agus is féidir do chur i gcrích an Mheasúnaithe Rangbhunaithe
- ag plé le hathbhreithniú ar obair scoláirí a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe sonrach.

Nuair atá múinteoir aonair ábhair i scoil, is féidir an múinteoir a éascú le páirt a ghlacadh i gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le scoil eile. I gcás Gaelscoile, is féidir leis an múinteoir aonair ábhair páirt a ghlacadh i gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le Gaelscoil eile.

## Treoir an Éascaitheora

Tabharfaidh na múinteoirí faoi ról an éascaitheora i rith cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ar a seal. Tabharfaidh an t-éascaitheoir eiseamláirí de cheistiú éifeachtach i rith an chuir agus cúitimh ar shamplaí d'obair scoláirí a dhíríonn ar chomh maith agus a thagann obair na scoláirí leis na Gnéithe Cáilíochta. I rith na gcruinnithe athbhreithnithe, nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir ba cheart a chur i bhfeidhm, ba cheart don ghrúpa fianaise a lorg in obair an scoláire a thagann leis na Gnéithe Cáilíochta ar fad, nó iad ar fad beagnach, a bhaineann le tuairisceoir ar leith. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas na múinteoirí sa chruinniú athbhreithnithe an tuairisceoir is fearr a thagann 'ar an iomlán' leis an obair atá á mheasúnú a roghnú. Cuirfidh an t-éascaitheoir tuarascáil ghairid (feic Aguisín D) ar an gcruinniú athbhreithnithe faoi bhráid phríomhoide na scoile.

Níor cheart don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phlean dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

### Roimh an gcruinniú

Ar an gcéad dul síos, d'fhéadfadh sé cabhrú leis na múinteoirí dá n-athbhreithneoidís cuid de na samplaí anótáilte ábhartha ó CNCM sula gcinneann siad aon rud faoi obair a scoláirí féin.

A luaithe is a bhíonn a Measúnú Rangbhunaithe curtha i gcrích ag scoláirí, déanfaidh an

múinteoir réamh-mheasúnú ar obair na scoláirí bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta. Féadfar na réamh-mheasúnuithe sin a mhodhnú i bhfianaise an phlé a tharlaíonn ag an gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

Breacfaidh an múinteoir nóta den tuairisceoir a bhronntar ar gach scoláire agus aon phointe eile a theastódh uathu a úsáid mar thagairt i rith an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair nó ina dhiaidh. Is d'úsáid phearsanta an mhúinteora an nóta sin.

Mar chuid den ullmhúchán don chruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, sainaithneoidh gach múinteoir sampla amháin d'obair scoláire le haghaidh gach tuairisceora, nuair is féidir, agus beidh siad sin ar fáil lena bplé ag an gcruinniú.

### I rith an chruinnithe

Stiúrann an t-éascaitheoir an cruinniú agus coinníonn siad taifead ar na cinntí a rinneadh i dteimpléad, a úsáidtear chun tuarascáil an chruinnithe a chur i dtoll a chéile (feic Aguisín C). Moltar go gcloífeadh an cruinniú leis an sceideal ginearálta seo:

- Míníonn an t-éascaitheoir gurb é cuspóir an chruinnithe tacú le comhsheasmhacht i mbreithiúnas faoi obair na scoláirí agus tuiscint choiteann a fhorbairt faoi chaighdeán foghlama na scoláirí. Ba cheart aird a tharraingt freisin ar luach an chruinnithe chun aiseolas a thabhairt do scoláirí faoin gcaoi a bhféadfaidís a gcuid oibre a fheabhsú.
- Iarrann an t-éascaitheoir ar chomhalta foirne amháin sampla oibre a chur i láthair a mheasúnaigh siad mar 'Nár chomhlíon na hionchais go fóill'.
- I ndiaidh réamhrá gairid an mhúinteora, stiúrann an t-éascaitheoir plé ginearálta ar a mhéad a dtagann obair an scoláire leis na Gnéithe Cáilíochta ábhartha. Má dheimhníonn an cruinniú an breithiúnas, breacann an t-éascaitheoir é sin i dtaifead an chruinnithe.
- Má tá easaontas ann, ba cheart don éascaitheoir tagairt a dhéanamh do na samplaí anótáilte ábhartha d'obair scoláirí a chuir CNCM ar fáil agus, más cuí, cúpla sampla d'obair scoláirí a mheasúnaigh múinteoirí eile sa ghrúpa agus ar bhronn siad an tuairisceoir sin air.

- Ba cheart don éascaitheoir iarracht a dhéanamh comhaontú a bhunú i rith an phlé ar shamplaí ach ba cheart díriú ar eolas agus scileanna gairmiúla na múinteoirí a fhorbairt seachas ar chomhaontú gach múinteora a fháil ar na Gnéithe Cáilíochta ar fad i ngach sampla.
- Ba cheart díriú i gcónaí i rith na gcruinnithe athbhreithnithe nuair atá breithiúnais á ndearbhú ar chur chuige 'na rogha is oiriúnaí' a chuireann ar chumas na múinteoirí an tuairisceoir is fearr a oireann 'ar an iomlán' don obair atá á mheas a roghnú.
- Cé gur cheart am réasúnta a chur ar fáil don chur agus cúiteamh, ba cheart don éascaitheoir a mbreithiúnas gairmiúil a úsáid chun a chinneadh cén uair is cuí dul ar aghaidh go dtí an chéad sampla eile.
- Más féidir, ba cheart dhá shampla ar a laghad a phlé le haghaidh gach tuairisceora agus ba cheart don éascaitheoir a chinntiú go bpléitear sampla amháin ar a laghad ó gach múinteoir i rith an chruinnithe.
- Tugtar faoin bpróiseas céanna arís chun samplaí a measúnaíodh mar *Ag teacht leis na hionchais*, *Os cionn na n-ionchas* agus *Thar barr ar fad* a phlé agus a roinnt sa ghrúpa. Ag deireadh an chruinnithe, tugann an t-éascaitheoir achoimre ghairid ar phríomhphointí an chuir agus cúitimh.
- Tá sé tábhachtach go dtugann gach múinteoir aird ar impleachtaí na gcinntí a dhéantar sa chruinniú don chuid eile d'obair na scoláirí a mheasúnaigh siad cheana féin, go háirithe i gcás tuairisceoirí nár tháinig a mbreithiúnas le tuairimí thromlach na múinteoirí sa chruinniú.

**I ndiaidh an chruinnithe**

I ndiaidh an chruinnithe, déanfaidh gach múinteoir machnamh ar an measúnú ar obair a Lascoláirí bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí ar na measúnuithe sealadacha. I ndiaidh an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, cuireann an t-éascaitheoir a dtuairisc ón gcruinniú faoi bhráid phríomhoide na scoile. Dírítear sa tuairisc ar thorthaí ón gcur agus cúiteamh ar obair na scoláirí sa chruinniú.

Féadfaidh an t-éascaitheoir iarraidh ar na múinteoirí, más maith leo, roinnt d'obair a scoláirí a chur leis an taisce samplaí

- chun tacú le hionduchtú múinteoirí nua
- chun tacú le cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair amach anseo
- le húsáid le scoláirí agus tuismitheoirí chun an caighdeán oibre a baineadh amach a léiriú.

## Aguisín C: Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair: Tuairisc an Éascaitheora

| | |
|---|---|
| **Ábhar:**<br>**Dáta/am:** | |
| **Daoine i láthair** | |
| **Na príomhchinntí a rinneadh** | |
| **Pointí le tabhairt faoi deara i gcruinnithe athbhreithnithe amach anseo** | |
| **Aon cheo eile?** | |
| Éascaitheoir<br><br>Dáta | |

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment